Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11177 – PFIZER / SEAGEN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 334/06)

1. An 14 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Pfizer Inc. ('Pfizer') (SAM),

— Seagen Inc. ('Seagen') (SAM).

Gheobhaidh Pfizer rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Seagen.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cógaisíochta é Pfizer atá gníomhach ar fud an domhain i dtaighde, i bhforbairt, i monarú agus i margaíocht cógas i réimsí éagsúla, lena n-áirítear oinceolaíocht,

— Is cuideachta bhiteicneolaíochta é SeaGen a fhorbraíonn agus a dhéanann tráchtálú ar theiripí spriocdhírithe chun an ailse a chóireáil. Is san oinceolaíocht amháin a dhéantar iarrachtaí SeaGen.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11177 – PFIZER / SEAGEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').